


# Freagraí

## Answers to the Questions

©Mater Dei Education 2022. All rights reserved.

Produced by Mater Dei Education, Cork, Ireland.

Mater Dei Press and Mater Dei Education are registered trade-names of Mater Dei Academy. Mater Dei Academy is a registered charity in Ireland (CHY22645).

Unauthorised copying or distribution is prohibited by law. Any unapproved copying, distribution or dissemination of Mater Dei Education materials (that includes for your friends and relatives) is stealing of intellectual property. Think about that! Do you want your children to think that it is acceptable to steal? Then do the right thing! Help support classical Catholic education for Ireland and never copy or distribute Mater Dei Education materials. "Thou shalt not steal" (Matthew 19:18)

Email: contact@materdeiacademy.ie

## 1. Rang a Cúig

Seachtain 1 · Lá 1

1. Tá Ciara ina cónaí i gCill Dara.
2. Tá sí deich mbliana d'aois.
3. Tá sí i rang a cúig.
4. Caitheann sí léine agus stocaí bána, geansaí liath agus sciorta gorm.
5. Is breá léi an scoil.

## 2. Iníon Ní Riain

Seachtain 1 · Lá 2

1. Iníon Ní Riain is ainm don bhean.
2. Tá dath donn ar a cuid gruaige.
3. Tá sí ag obair i scoil mhór i lár na cathrach.
4. Tá sí ina cónaí in árasán.
5. Tá dhá sheomra codlata san árasán, cistin, seomra suí, oifig bheag agus seomra folctha.

## 3. Mo Chéad Lá i Rang a Cúig

Seachtain 1 · Lá 3

1. Tá Ciara ina seomra ranga.
2. Tá sí ina suí in aice le Cormac agus Sarah.
3. Níl sí ag léamh ach tá siad ag scríobh.
4. Nil sí ag léamh ach tá an múinteoir sona sásta.
5. Tá Ciara ag scríobh faoin a cuid laethanta saoire ag campáil sa Fhrainc.

## 4. Mo Chuid Laethanta Saoire

Seachtain 1 · Lá 4

1. Chuaigh sí ag campáil sa Fhrainc.
2. Thaistil sí ann ar an mbád.
3. Shroich sí an t-ionad campála ag a hocht a chlog san oíche.
4. Bhí an t-ionad campála ar fheabhas.
5. Bhí an aimsir go h-álainn an t-am ar fad.

## 5. Litir Chuig Cara Pinn

Seachtain 2 · Lá 1

1. Alfie is ainm don bhuachaill.
2. Tá sé i rang a cúig.
3. Tá sé aon bhliain déag d'aois.
4. Tá deartháir amháin agus beirt deirfiúracha aige.
5. Tá .......... deartháir/deartháireacha agus ............ deirfiúr / deirfiúracha agam.

## 6. Uibheagán

Seachtain 2 · Lá 2

1. Is iad na comhábhair atá ag teastáil ná uibheacha, ciúbanna bagúin, oinniún agus trátaí gearrtha.
2. Céim a haon; measc na huibheacha i mbabhla .
3. Céim a dó; déan friochadh ar an mbagún agus ar an oinniún ar feadh trí nóiméad.
4. Céim a ceathair; déan cócaráil air ar feadh trí nó ceithre nóiméad.
5. Céim a cúig; críochnaigh faoin ngríoscán é ar feadh ceithre nóiméad eile.

## 7. Caisleán Gainimh

Seachtain 2 · Lá 3

1. Bhí an clan ag an trá.
2. Lá breá grianmhar a bhí ann.
3. Bhí an trá dubh le daoine.
4. Chaith siad an tráthnóna ar fad ag tógáil caisleáin gainimh.
5. Bhí slua ag féachaint orthu agus ag glacadh grianghraf.

## 8. Spórt

Seachtain 2 · Lá 4

Dán le foghlaim.

## 9. Pian Uafásach!

Seachtain 3 · Lá 1

1. Am lóin a bhí ann.
2. Bhí Niamh ag caint lena cairdre sa chlós.
3. Go tobann, bhí pian uafásach ina béal aici.
4. Chuir Maya glaoch ar an múinteoir.
5. Chuaigh Niamh agus a Mamaí go dtí an fiaclóir.

## 10. Comórtas Bácála na hÉireann (1)

Seachtain 3 · Lá 2

1. Tá triúr fós fágtha sa chomórtas.
2. Tá na daoine neirbhíseach.
3. Tá Conaill an-neirbhíseach.
4. Tá gach rud dearmadta ag Amy.
5. Tá sé an-te sa chistin.

## 11. Ceacht Gaeilge

Seachtain 3 · Lá 3

1. Tá Eva ina cónaí i nGaillimh.
2. Tá teach dhá stór aici.
3. Tá trí sheomra codlata ann.
4. Tá gairdín beag os comhair an tí.
5. Tá gairdín mór ar chúl an tí.

## 12. Fleadh Cheoil

Seachtain 3 · Lá 4

1. Chuaigh an chlann go dtí an fhleadh cheoil don deireadh seachtaine.
2. Bhí an fhleadh cheoil ar siúl i gCorcaigh.
3. Bhí Áine ag seinm ceoil i lár na cathrach.
4. Bhí Daidí ag seinm ceoil san ionad ceoil.
5. Bhí Seán ag rince sa scoil.

## 13. Músaem Ealaíne

Seachtain 4 · Lá 1

1. Dé Máirt a bhí ann.
2. Bhí sé ag stealladh báistí.
3. Bhí Mamaí agus Daidí ag dul chuig an múseam ealaíne.
4. Bhí cupán tae acu sa chaife.
5. Chuaigh siad abhaile ag a ceathar a chlog.

## 14. Cluiche Ceannais na hÉireann

Seachtain 4 · Lá 2

1. Bhí an baile ar fad ar bís.
2. Lá an chluiche ceannais peile a bhí ar siúl ann.
3. Bhí an chlann ag dul go dtí Páirc an Chrócaigh .
4. Bhí dathanna a chontae féin á gcaitheamh ag gach duine.
5. Chríochnaigh an cluiche ar chomhscór.

## 15. Tábla Sraithe

Seachtain 4 · Lá 3

1. Tá ceithre c**h**luiche buaite ag Manchester United.
2. Tá ceithre c**h**luiche imeartha ag Liverpool.
3. Tá naoi **b**pointe ag Chelsea.
4. Tá cúig f**h**oireann sa tábla sraithe.

## 16. Carnabhal

Seachtain 4 · Lá 4

1. Bhí carnabhal ar siúl sa bhaile don deireadh seachtaine.
2. Bhailigh siad le chéile ag an scoil.
3. Bhí puball mór, stainníní bia agus marcaíochtaí siamsaíochta éagsúla ann.
4. Bhuaigh Emer iasc órga mar dhuais i gcluiche amháin.
5. Bhailigh mamaí Dhónaill iad.

## 17. Ag Snámh

Seachtain 5 · Lá 1

1. Rosie is ainm don chailín.
2. Is breá léi a bheith ag snámh.
3. Téann sí ag snámh gach maidin Sathairn.
4. Is maith le Sam a bheith ag snámh freisin.
5. Bíonn culaith shnámha, caipín snámha, tuáille agus gloiní cosanta ag teastáil ó Rosie nuair a théann sí ag snámh.

## 18. An Phictiúrlann — Seachtain 5 · Lá 2

1. Ba mhaith le Ross dul go dtí an phictiúrlann.
2. Tá an scannán Lego ar siúl.
3. Tosnaíonn an scannán ag a trí a chlog.
4. Ba mhaith le Ross dul go dtí an siopa.
5. Tá airgead póca ag Ross.

## 19. An Deireadh Seachtaine — Seachtain 5 · Lá 3

Foghlaim an dán.

## 20. Seó Tallainne — Seachtain 5 · Lá 4

1. Bhí Mamó agus Daideo ar cuairt.
2. Rinne na páistí seó tallainne don chlann.
3. Rinne Máire rince.
4. Rinne Pól taecuando.
5. Rinne Fia píosa aisteoireachta.

## 21. Lá gan Éide Scoile — Seachtain 6 · Lá 1

1. Dhúisigh Freya go luath.
2. Bhí sí ar bís mar lá gan éide scoile a bhí ann.
3. Ghléas sí i sciorta buí agus t-léine bhán agus chorcra.
4. Bhí an seaicéad deinime agus ceannbhanda ar chúl an dorais.
5. Chuaigh sí amach an doras go dtí an scoil.

## 22. Rás Rothaíochta — Seachtain 6 · Lá 2

1. Bhí rás rothaíochta ar siúl.
2. Chuir Daidí an dá rothar agus na clogaid sa charr.
3. D’ith siad babhla leite don bhricfeasta.
4. Thosaigh an rás ag a deich a chlog.
5. Níor bhuaigh siad an rás.

## 23. Tour de France

Seachtain 6 · Lá 3

1. Bíonn an Tour de France ar siúl ar feadh trí lá is fiche.
2. Críochnaíonn an rás i bParás gach bliain.
3. Caitheann an duine atá ag buachan an rása an geansaí buí.
4. Caitheann an duine is fearr i measc na ndaoine óga an geansaí bán.
5. Caitheann an dreapadóir is fearr an geansaí polcaphoncach.

## 24. Cuir Glaoch ar 999!

Seachtain 6 · Lá 4

1. Bhí Callum agus Tomás ag siúl abhaile ón scoil.
2. Chonaic siad teach trí thine ar an mbealach.
3. Chuir Tomás glaoch ar 999.
4. D'iarr an bhean ar an bhfón ar dtús an féidir léi cabhrú le Tomás.
5. Bhí an teach trí thine ar an mBóthar Buí.

## 25. An Tuile

Seachtain 7 · Lá 1

1. Bhí an aimsir go dona ag an deireadh seachtaine.
2. Ní raibh Nathan ábalta dul amach mar bhí sé rófhliuch.
3. Bháigh an abhainn an sráidbhaile.
4. Bhí an t-uisce i ngach áit.
5. Níor tháinig na Gardaí. Tháinig an bhriogáid dóiteáin agus na saighdiúirí.

## 26. Lá Stoirmiúil

Seachtain 7 · Lá 2

Foghlaim an dán

## 27. Na Fianna

Seachtain 7 · Lá 3

1. Na Fianna ab ainm don airm speisialta.
2. Bhí siad an chróga agus láidir.
3. Bhí siad iontach ag troid agus ag fiach.
4. D'fhan siad le daoine difriúla nuair a bhí an aimsir go dona.
5. Ba mhaith liomsa / níor mhaith liomsa a bheith sna Fianna.

## 28. Tine Chnámh

Seachtain 7 · Lá 4

1. Bhí Oíche Shamhna ag teacht.
2. Bhí na páistí ag bailiú adhmaid don tine chnámh.
3. Las an fear dóiteáin an tine chnámh.
4. Sheas na daoine fásta in aice leis an tine.
5. D'fhéach na páistí ar an tine ar feadh dhá uair a chloig.

## 29. Ag Maisiú an Tí

Seachtain 8 · Lá 1

1. Is breá le Mamaí Oíche Shamhna.
2. Cuireann sí líon damháin alla taobh amuigh den teach agus damháin alla bréagacha iontu.
3. Cuireann sí soilse puimcín ar an díon.
4. Crochann sí cnámharlach den doras.
5. Gléasann sí mar chailleach.

## 30. Na Míonna

Seachtain 8 · Lá 2

Foghlaim an dán.

## 31. Ag Siopadóireacht

Seachtain 8 · Lá 3

1. Bíonn cóisir Oíche Shamhna ag Clann Uí Dhroma gach bliain.
2. Déanann Mamaí an tsiopadóireacht.
3. Ceannaíonn sí cnónna, torthaí agus milseáin do na páistí.
4. Gléasann gach duine suas.
5. Imríonn gach duine cluichí Oíche Shamhna.

## 32. Púca Beag

Seachtain 8 · Lá 4

1. Tá páipéar leithris, páipéar síprise bán, píosa sreinge, siúle, gliú agus peann dubh ag teastáil.
2. Céim a haon: roll suas píosa de pháipéar leithris i liathróid bheag.
3. Céim a trí: ceangail píosa sreinge faoin liathróid agus lig do phíosaí titim síos.
4. Céim a ceathair: greamaigh na súile ar an bpáipéar síprise agus cuir ciorcal mar bhéal ar aghaidh an phúca.
5. Céim a cúig: croch i do theach é nó ar fhuinneog sa seomra ranga.

## 33. Cuairt ar an bhFiaclóir

Seachtain 9 · Lá 1

1. Bhí Niamh agus a Mamaí sa seomra feithimh.
2. Dúirt an fáilteoir go mbeadh sí ceart go leor.
3. Chuaigh Mamaí in éineacht le Niamh.
4. Dúirt an fiaclóir "Suigh síos agus ná bíodh imní ar bith ort".
5. Thug sé instealladh di agus ansin líon sé an poll.

## 34. Mo Bhreithlá

Seachtain 9 · Lá 2

1. Bhí an cailín aon bhliain déag d'aois .
2. Níor thug a múinteoir obair bhaile di.
3. Rinne Mamaí cáca breithe di.
4. Bhí dioscó ar siúl sa gharáiste.
5. D'imigh a cairde abhaile ar a sé a chlog.

## 35. Clár Ama

Seachtain 9 · Lá 3

1. Bíonn ceacht Gaeilge ar siúl Dé Luain ar a naoi a chlog.
2. Bíonn ceacht Béarla ar siúl Dé Céadaoin ar a deich a chlog.
3. Bíonn ceacht Matamatic ar siúl Dé Máirt ag a ceathrú tar éis a haon déag.
4. Is iad Gaeilge, Matamatic, Béarla, Reiligiún, Tíreolaíocht, Ceol, Corpoideachas, Stair, Eolaíocht, Drámaíocht, OSSP agus Ealaín na hábhair scoile a dhéanann an buachaill ar scoil .
5. Is é ........................ an ábhar scoile is fearr liom .

## 36. An Fómhar

Seachtain 9 · Lá 4

1. Chaith Conor an cúpla lá saor ón scoil ar fheirm a uncail.
2. Chuaigh Conor ag siúl lena chol ceathrar Cormac gach tráthnóna.
3. Chonaic siad gráinneog, iora agus sionnach.
4. Is breá le Conor an fheirm.
5. Bhí air dul abhaile mar bhí an cúpla lá saor thart.

## 37. Ar an Tram

Seachtain 10 · Lá 1

1. Bhí an chlann ar laethanta saoire i Liospóin.
2. Bhí siad ag fanacht in óstán ar bharr cnoic.
3. Fuair siad an tram síos go dtí an tsráid siopadóireachta.
4. Chuaigh an tram an-tapaidh ar fad.
5. Nuair a bhí siad críochnaithe leis an tsiopadóireacht, fuair siad an tram suas an cnoc arís chuig an óstán.

## 38. Hata san Fharraige

Seachtain 10 · Lá 2

1. Chuaigh James agus Saoirse ar shiúlóid ar an gcé.
2. Shéid an ghaoth hata James óna cheann.
3. Thit an hata isteach san fharraige.
4. Tháinig fear le heangach agus phioc sé amach an hata agus thug sé ar ais do James é.
5. Bhí James sona sásta arís.

## 39. Tógálaithe ag an Teach

Seachtain 10 · Lá 3

1. Bhí Mamaí ag iarraidh cistin nua sa teach.
2. Roghnaigh sí tíleanna nua, cuntair nua, oigheann nua agus páipéar balla nua.
3. Bhí na tógálaithe sa teach ar feadh coicíse ag obair.
4. Bhí an teach trína chéile.
5. Tá sé críochnaithe anois agus tá sé go hálainn.

## 40. Madra ar Strae

Seachtain 10 · Lá 4

1. Tá madra ar strae.
2. Réalta is ainm dó.
3. Is labradór dubh é.
4. Tá bóna gorm air le huimhir ghutháin na clainne air.
5. Chuaigh sé ar strae sna coillte tráthnóna Dé Luain.

## 41. Bróga Peile Nua

Seachtain 11 · Lá 1

1. An Satharn a bhí ann.
2. Bhí Cillian ag tabhairt amach go raibh a bhróga peile róshean.
3. Chuaigh said go dtí an t-ionad siopadóireachta chun bróga peile nua a cheannach.
4. Bhí Mamaí ag tabhairt amach mar bhí sí tuiseach traochta.
5. Cheannaigh Cillian bróga iontacha, ildaite.

## 42. Réamhaisnéis na hAimsire

Seachtain 11 · Lá 2

1. Beidh an aimsir tirim san oirthear amárach.
2. Beidh an aimsir tirim sa deisceart ach beidh sé an-ghaofar.
3. Beidh an aimsir fliuch san iarthar anocht agus beidh sé stoirmiúil amárach.
4. Beidh an aimsir meascaithe sa tuaisceart.
5. Tá an aimsir ................................ inniu.

## 43. Club Rothaíochta

Seachtain 11 · Lá 3

1. Tá club rothaíochta in aice le teach Chiaráin.
2. Téann siad go dtí an club gach Satharn.
3. Buaileann Ciarán lena chara Lee ann.
4. Téann said ag rothaíocht go háiteanna éagsúla.
5. Caitheann Ciarán clogad, bríste gairid, t-léine chorcra agus buí, agus bróga rothaíochta nuair a bhíonn sé ag rothaíocht.

## 44. An tÓstán

Seachtain 11 · Lá 4

1. Chuaigh an chlann chuig óstán faoin tuath.
2. Chuaigh said ann ar an Aoine.
3. Bhí linn snámha agus club óige ag an óstan. Bhí na seomraí ollmhór agus an-chompordach.
4. Chuaigh na páistí go dtí an dioscó sa chlub óige Dé Sathairn.
5. Chuaigh a dtuismitheoirí go dtí an bhialann ghalánta Dé Sathairn.

## 45. Na Gasóga

Seachtain 12 · Lá 1

1. Gach Aoine, téann Mark chuig na gasóga i halla na scoile.
2. Caitheann sé brístí agus geansaí dúghorm le ciarsúr brád buí.
3. Faigheann sé eolas chun suaitheantais a fháil.
4. Gach saoire Cásca agus samhraidh téann sé ag campáil.
5. Tá a lán cairde aige sna gasóga.

## 46. Ag Ceannach Rothair

Seachtain 12 · Lá 2

1. Chuaigh Conor agus Mamaí go dtí an t-ionad siopadóireachta.
2. Bhí breithlá Conor ag teacht aníos.
3. Bhí rothar nua ag teastáil ó Conor.
4. Thaitin rothar rásaíochta dubh leis.
5. D'íoc Mamaí as an rothar.

## 47. Ag Bogadh Tí

Seachtain 12 · Lá 3

1. Chónaigh an chlann i mbungaló i mbruachbhaile cois farraige i gContae Chill Mhantáin.
2. Teach scoite dhá stór i gContae Loch Garman is ea an teach nua.
3. Tá sé sheomra codlata ann.
4. Tá a lán talaimh taobh thiar den teach.
5. Tá Dáidí ag fáil caorach agus ba don fheirm.

## 48. Pasta, Sicín agus Peisteo

Seachtain 12 · Lá 4

1. Is iad an comhábhair atá ag teastáil ná pasta, ola olóige, sicín, brocailí, peisteo, oinniún agus uachtar.
2. Céim a haon: cuir pasta ag cócaráil in uisce fuar ar feadh cúig nóiméad déag.
3. Céim a dó: cuir sicín ar fríochadh le hoinniún agus brocailí agus ola olóige go dtí go bhfuil siad cócaráilte.
4. Céim a ceathair: fág ar an gcócaireán é ar feadh dhá nóiméad.
5. Céim a cúig: cuir amach ar phlátaí é.

## 49. Fliuch go Craiceann

Seachtain 13 · Lá 1

1. Bhí na páistí ag siúl abhaile ón bpáirc.
2. Go tobann thosaigh sé ag stealladh báistí.
3. Ní raibh Mamaí sa bhaile.
4. Bhí Mamaí i dteach a gcarad.
5. Chuir siad éadaí tirime orthu.

## 50. Cat ar Strae

Seachtain 13 · Lá 2

1. Cleo is ainm don chat.
2. Rith sí síos Bóthar an Rí inné mar bhí madra ag tafann agus ag rith ina diaidh.
3. Tá dath glas ar a súile.
4. Tá dath bán ar a corp.
5. Leah is ainm don chailín.

## 51. An Cheolchoirm

Seachtain 13 · Lá 3

1. Chuala an cailín fógra ar an raidió.
2. Bhí an banna ceoil is fearr léi le seinm i mBaile Átha Cliath.
3. Thosaigh an cheolchoirm ar a hocht a chlog.
4. Bhí an cheolchoirm ar fheabhas.
5. Bhí gach duine ag damhsa agus ag canadh na n-amhrán.

## 52. An Bolg Lán

Seachtain 13 · Lá 4

1. Breithlá Dhaidí a bhí ann.
2. Bhí an bhialann nua-aimseartha agus bhí sí i lár na cathrach.
3. Bhí an tseirbhís ar fheabhas.
4. D'ith an buachaill anraith trátaí don chéad chúrsa.
5. D'ith sé lacha rósta don phríomhchúrsa.

## 53. Ranganna Snámha

Seachtain 14 · Lá 1

1. Charlotte is ainm don chailín.
2. Is breá léi a bheith ag snámh.
3. Gach maidin roimh am scoile, téann sí chuig ranganna snámha ag a seacht a chlog.
4. Bíonn traenáil ar súil tráthnóna Dé Sathairn chomh maith.
5. Bhuaigh sí bonn óir i gcomórtas an mhí seo caite.

## 54. Siopa Troscáin

Seachtain 14 · Lá 2

1. Dúirt Mamaí go raibh cead ag Sandra a seomra codlata a mhaisiú.
2. Chuaigh siad chuig an siopa troscáin chun gach rud a fháil don seomra.
3. Phioc Sandra ruga gorm, tarraiceán liath, lampa dúghorm agus cuirtíní bánbhuí agus gorm éadrom.
4. Chonaic Mamaí clúdach duivé a mheaitseáil na cuirtíní agus chuir sí sa tralaí é.
5. Chuir said gach rud sa charr.

## 55. Oíche Dé Sathairn

Seachtain 14 · Lá 3

1. Is breá le Fia oíche Shathairn.
2. Ag a seacht a chlog, féachann sí ar chlár grinn.
3. Ag a hocht a chlog, féachann sí ar chlár cheoil.
4. Ar a naoi a chlog, múchann Mamaí an teilifís.
5. Bíonn cead aici a bheith ag léamh ar feadh tamaill.

## 56. Súnámaí

Seachtain 14 · Lá 4

1. Tarlaíonn súnámaí mar thoradh ar chrith talún nó bhrúchtadh bolcánach.
2. Ní tonn mór amháin atá i gceist le súnámaí ach sraith tonnta.
3. Nuair a bhuaileann súnámaí farraige éadomhain, moillíonn sé ach méadaíonn sé in airde.
4. Bíonn rabhadh ann de ghnáth nuair atá seans ann go mbeidh súnámaí chun tarlúint.
5. Ar an 26ú Nollaig 2004, bhuail súnámaí an-mhór an Áise agus rinneadh an-chuid damáiste do thíortha éagsúla.

## 57. Cáca Nollag

Seachtain 15 · Lá 1

1. Bhí an Nollaig ag teacht.
2. Bhí Molly agus Mamaí ag siopadóireacht.
3. Fuair Mamaí babhla agus an spúnóg adhmaid.
4. Is iad plúr bán, uibheacha, torthaí, silíní, im agus siúcra na cómhábhair.
5. Chuir Mamaí an cáca isteach san oigheann.

## 58. An Nollaig Seo Caite

Seachtain 15 · Lá 2

1. Dhúisigh an buachaill ar a seacht a chlog ar maidin.
2. Fuair sé rothar agus cluichí cláir mar bhronntanas.
3. Tar éis an bhricfeasta thug sé cuairt ar a aintín agus a uncail.
4. Fuair sé leabhar óna Aintín Rhea.
5. Tar éis an dinnéir chaith sé cúpla uair an chloig ag féachaint ar scannán iontach ar an teilifís agus ag imirt cluichí cláir lena chlann.

## 59. Saoire na Nollag

Seachtain 15 · Lá 3

1. Chaith said cúpla lá ag imirt ar an ríomhaire agus ag féachaint ar an teilifís.
2. Bhí Mamaí ag tabhairt amach mar ní raibh na buachaillí ag súgradh amuigh.
3. Chonaic Luke brat bán sneachta ar an talamh nuair a d'fhéach sé amach an fhuinneog maidin amháin.
4. Thosaigh sé ag cur sneachta i rith na hoíche.
5. Chuir na buachaillí éadaí troma orthu agus rith siad amach an doras.

## 60. Athbhliain Faoi Mhaise Duit

Seachtain 15 · Lá 4

1. Bhí Sophie agus a clann ag cóisir i dteach a haintín Nuala.
2. Bhí gúna nua uirthi.
3. Thosaigh an chóisir ag a hocht a chlog.
4. D'ith sí béile blasta de churaí sicín agus sailéad.
5. Chuaigh sí abhaile i rith na hoíche.

## 61. Báibín Nua

Seachtain 16 · Lá 1

1. Chuaigh Mamaí, Aifric agus Aintín Úna ag siopadóireacht.
2. Bhí siad ag iarraidh éadaí a fháil do bháibín nua.
3. Phioc Mamaí suas dungaraithe bándearga.
4. Phioc Aintín Úna suas sciorta agus t-léine bhuí agus ghorm.
5. Chlúdaigh Mamaí na bronntanais go léir le páipéar nuair a chuaigh siad abhaile.

## 62. Fionn agus Finnéigeas

Seachtain 16 · Lá 2

1. Bhí seanfhear ann fadó, fadó in Éirinn darbh ainm Finnéigeas .
2. An phost a bhí aige ná múinteoir.
3. Lá amháin bhuail sé le Fionn.
4. Dúirt Finnéigeas le Fionn go múinfeadh sé dó gach eolas a bhí aige ionas go mbeadh Fionn chomh cliste le Finnéigeas.
5. Bhí Fionn sona sásta.

## 63. An Bradán Feasa

Seachtain 16 · Lá 3

1. D'inish Finnéigeas scéalta d'Fhionn gach aon lá.
2. Bheadh eolas an domhain ag an té a d'íosfadh an bradán feasa.
3. Lá amháin, rug Finnéigeas ar an mbradán feasa.
4. Trí thimpiste, bhlais Fionn an t-iasc agus bhí eolas an domhain aige.
5. Bhí díomá ar Fhinnéigeas.

## 64. Cnámha

Seachtain 16 · Lá 4

1. Nuair a bheirtear thú, bíonn 300 cnámh agat.
2. Tá 26 chnámh i do chos.
3. Tá 14 chnámh i d'aghaidh.
4. Deirtear go mbriseann an gnáthdhuine dhá chnámh ina shaol.
5. Is uisce é 75% den chnámh.

## 65. Cluiche a Chonaic mé le mo Dhaidí

Seachtain 17 · Lá 1

1. An mhí seo caite, chuaigh Cian go dtí cluiche sacair i Sasana.
2. Bhí Manchester United ag imirt in aghaidh Arsenal.
3. Thosaigh an cluiche ar a leathuair tar éis a trí.
4. Bhuaigh Manchester United an cluiche.
5. Cluiche iontach a bhí ann.

## 66. Mo Cheantar

Seachtain 17 · Lá 2

1. Tá an cailín ina cónaí i mbaile beag i gCorcaigh.
2. Is maith léi a ceantar mar tá sé ciúin agus glan.
3. Tá ionad spóirt, pictiúrlann, leabharlann agus linn snámha sa bhaile.
4. Téann a Daidí go dtí an halla snúcair gach Satharn.
5. Tá ............................... ar fáil i mo cheantar.

## 67. Clubanna Spóirt

Seachtain 17 · Lá 3

1. Imríonn Leah camógaíocht.
2. Téann Leah ag traenáil gach oíche Dé Céadaoin.
3. Is breá le Henry a bheith ag imirt peile.
4. Is fearr le Ellie a bheith ag snámh.
5. Is é an rugbaí an spórt is fearr le Senan.

## 68. Aintín Zoe

Seachtain 17 · Lá 4

1. Bhí Mamaí agus Daidí ag dul go dtí óstán deas faoin tuath.
2. Bhí Aintín Zoe ag tabhairt aire do na páistí.
3. Rinne Aintín Zoe pancóga don bhricfeasta.
4. Chuaigh Aintín Zoe agus na páistí go dtí an pháirc Dé Sathairn.
5. Chuaigh Aintín Zoe go dtí an leaba ar a hocht a chlog.

## 69. Bricfeasta Iontach! Seachtain 18 · Lá 1

1. Bhí an chlann ag fanacht in óstán don deireadh seachtaine.
2. Chuaigh siad síos staighre go dtí an bhialann don bhricfeasta.
3. Bhí bia te cosúil le slisíní, ispíní, uibheacha agus pancóga ann.
4. Bhí bia fuar cosúil le torthaí, iógart, gránach, cáis agus taosráin ann.
5. Bhí siad lán agus sona sásta i ndiaidh an bhricfeasta.

## 70. Ranganna Ceoil Seachtain 18 · Lá 2

1. Seinneann rang a cúig ar fad an fheadóg stáin.
2. Thosaigh siad á foghlaim an bhliain seo caite.
3. Bíonn orthu cleachtadh a dhéanamh sa bhaile gach oíche.
4. Tá breis is fiche amhrán ar eolas acu.
5. Rinne siad ceolchoirm don scoil ar fad um Nollaig.

## 71. Glantachán an Earraigh Seachtain 18 · Lá 3

1. Bhí fearg ar Mhamaí.
2. Bhí seanéadaí, seanbhréagáin agus seantroscán i ngach áit sa teach.
3. Bhí Mamaí ag dul timpeall an tí le málaí móra dubha.
4. Chuir sí geansaí peile, clár scátála agus ríomhaire Dhónaill sa mhála.
5. Thóg Dónall amach arís iad agus chuir sé i bhfolach ina sheomra codlata faoin leaba iad.

## 72. Cailín na Gaillimhe Seachtain 18 · Lá 4

Léigh agus foghlaim an t-amhrán.

## 73. Bád Farantóireachta Seachtain 19 · Lá 1

1. Bhí an chlann ag dul ar laethanta saoire.
2. Bhí siad ag tógáil an chairr ar an mbád.
3. Bhí bialann, siopaí agus pictiúrlann ar an mbád.
4. Chuaigh na páistí go dtí an phictiúrlann.
5. D'fhéach Daidí ar an ngalf ar an teilifís.

## 74. Comórtas Bácála na hÉireann (2)

Seachtain 19 · Lá 2

1. Is iad Conall, Amy agus Emma na hiomaitheoirí.
2. Tá tuirse orthu.
3. Is iad Pól agus Máire na breithiúna.
4. Tá cáca Chonaill rómhilis.
5. Bhuaigh Amy an comórtas.

## 75. Breithlá Sophie

Seachtain 19 · Lá 3

1. Breithlá Sophie a bhí ann.
2. Chuaigh Daidí agus Órla go dtí an t-ionad siopadóireachta chun bronntanas a cheannach di.
3. Cheannaigh Daidí gúna deas.
4. Cheannaigh Órla bloicíní tógála agus márla.
5. Nuair a chuaigh siad abhaile, thug siad na bronntanais do Sophie.

## 76. Fógra

Seachtain 19 · Lá 4

1. Marty is ainmn don bhuachaill a chroch suas an fógra.
2. Ba mhaith leis grúpa ceoil a thosú.
3. Is breá leis gach saghas ceoil.
4. Seinneann sé an giotár agus méarchlár.
5. Tá cead aige an garáiste a úsáid.

## 77. Teilifís

Seachtain 20 · Lá 1

Léigh agus foghlaim an dán.

## 78. Margadh ar Laethanta Saoire

Seachtain 20 · Lá 2

1. Bhí Clann Uí Bhairéid ag fanacht i mbaile beag sa Fhrainc.
2. Gach Céadaoin bhí margadh ar siúl sa bhaile.
3. Dhíol siad gach rún ann, idir bhia, ealaín agus throscán.
4. D'fhéach na páistí ar an ealaín.
5. Bhailigh siad le chéile ag am lóin.

## 79. Ag Dul ag Fámaireacht

Seachtain 20 · Lá 3

1. Ghléas an chlann in éadaí teo agus cótaí báistí.
2. Bhí siad ag dul ag fámaireacht don lá timpeall Thuaisceart Éireann.
3. Bhí Daidí ag iarraidh dul chuig Béal Feirste agus na múrmhaisithe a fheiceáil.
4. Bhí na páistí ag iarraidh dul chun músaem an Titanic a fheiceáil.
5. Chaith siad an lá ag tiomáint timpeall Thuaisceart Éireann agus chonaic siad na radhairc ar fad.

## 80. Práta Bácáilte

Seachtain 20 · Lá 4

1. Is iad na comhábhair atá ag teastáil ná: trí phráta, arbhar, tuinnín agus maonáis.
2. Céim a haon: cuir poill le forc sna prátaí.
3. Céim a dó: cuir na prátaí isteach san oigheann ar feadh daichead nóiméad.
4. Céim a ceathair: tóg na prátaí amach as an oigheann agus cuir ar phlátaí iad.
5. Céim a cúig: cuir píosa den mheascán ar na prátaí ar fad.

## 81. Lá ‘le Pádraig

Seachtain 21 · Lá 1

1. Titeann Lá ‘le Pádraig ar an seachtú lá déag de Mhí an Mhárta gach bliain.
2. Caitheann gach duine seamróg nó éadaí glasa.
3. Tosaíonn an pharáid ar a leathuair tar éis a dó dhéag.
4. Bíonn sé go hiontach.
5. Is aoibhinn léi Lá ‘le Pádraig.

## 82. An tEarrach

Seachtain 21 · Lá 2

1. Tá dhá mhí dhéag i ngach bliain.
2. Tá trí mhí i ngach séasúr .
3. I rith an earraigh éiríonn an aimsir níos teo.
4. Bíonn páistí amuigh faoin aer ag súgradh.
5. Is é an ........................... an séasúr is fearr liom.

## 83. Obair an Tí

Seachtain 21 · Lá 3

1. Tá Tadhg ina chónaí faoin tuath i dteach scoite.
2. Tá trí sheomra codlata ina theach.
3. Thuas staighre tá trí sheomra codlata, oifig beag agus seomra folctha.
4. Thíos staighre tá an halla, an chistin, seomra suí agus seomra spraoi.
5. Déanann a Mhamaí an chuid is mó den obair tí.

## 84. An Lá Scoile

Seachtain 21 · Lá 4

1. Duisíonn Ciara ar a leathuair tar éis a seacht.
2. Cuireann sí an éide scoile uirthi.
3. Fágann sí an teach ar a ceathrú tar éis a hocht.
4. Téann sí ar scoil ar rothar.
5. Críochnaíonn an lá scoile ar a leathuair tar éis a dó.

Seachtain 22 · Lá 1

## 85. Na Séasúir

Léigh agus foghlaim an dán.

## 86. Ceiliúradh na Cásca

Seachtain 22 · Lá 2

1. Tá an chlann ag dul chuig Chiarraí don deireadh seachtaine.
2. Tá cónaí ar Aintín Nuala agus ar Uncail Páid ansin.
3. Tá an chlann ar fad ag dul ann do cheiliúradh an Cásca.
4. Beidh Mamó agus Daideo ag teacht ó Mhaigh Eo.
5. Beidh lón mór ar siúl Domhnach Cásca i ndiaidh an aifrinn.

## 87. Uibheacha Cásca

Seachtain 22 · Lá 3

1. Chuaigh an chlann go dtí an t-ollmhargadh.
2. Bhí siad ag dul ann chun uibheacha Cásca a fháil.
3. Bhí pasáiste lán le gach saghas uibheacha ann.
4. Roghnaigh Síle ceann le dhá ubh bheaga agus ubh mhór amháin ann.
5. Roghnaigh Art teidí mar níl cead aige seacláid a ithe.

## 88. Ainmhithe agus Éisc na Trá

Seachtain 22 · Lá 4

1. Tá súile an phortáin ar ghasanna ar a cheann.
2. Siúlann agus snámhann portán i leataobh.
3. Níl aon inchinn ag an smugairle róin.
4. Cónaíonn an chrosóg mhara ar thóin na farraige.
5. Tá súil amháin aige ar gach spice.

## 89. Seachtain na Gaeilge

Seachtain 23 · Lá 1

1. Beidh an cheolchoirm ar siúl ó 23-26 de Mhí an Mhárta.
2. Beidh scannán ar siúl Dé Máirt.
3. Beidh seanchaí ag insint scéalta sa leabharlann.
4. Beidh Tráth na gCeist ar siúl ar a leathuair tar éis a deich.
5. Beidh Céilí Mór ar siúl Dé hAoine.

## 90. Amadán Aibreáin

Seachtain 23 · Lá 2

1. An chéad lá de mhí Aibreáin a bhí ann.
2. Ní raibh imní ar na páistí.
3. Shiúil an múinteoir isteach sa seomra ranga go cúramach.
4. D'fhéach sí ar an gcathaoir, taobh thiar den doras agus faoin mbord.
5. Chuir an múinteoir a lán obair baile ar an gclár bán.

## 91. Ciara ar an Teilifís

Seachtain 23 · Lá 3

1. Bhí Ciara ag dul ag siopadóireacht.
2. Chuaigh siad ar an traein go dtí an t-ionad siopadóireachta i lár an bhaile.
3. Tar éis na siopaí, chuaigh siad isteach sa chaife agus d'ól siad seacláid the.
4. Nuair a bhí siad ag dul abhaile chonaic na cailíní TG4 ag an doras.
5. Cheannaigh Ciara éadaí agus bróga.

## 92. Mise agus mo Chuid Mothúchán

Seachtain 23 · Lá 4

1. Is duine leisciúil é Dé Sathairn.
2. Is duine santach é Dé Domhnaigh.
3. Is duine cairdiúil é Dé Luain.
4. Is breá leis a bheith ag labhairt ar an bhfón.
5. Ní maith leis a bheith ar an stáitse.

## 93. Cuairt mo Chol Ceathrair (1)

Seachtain 24 · Lá 1

1. An Aoine atá ann.
2. Tá sceitimíní áthais ar Laura mar tá a col ceathrar Juliette ag teacht ar cuairt.
3. Tá Laura agus a Dhaidí ag an stáistiún traenach ag fanacht.
4. Tá an carr amuigh ar an tsráid.
5. Is breá le Juliette dath na mballaí.

## 94. Sábháilteacht san Fharraige

Seachtain 24 · Lá 2

1. Is é fógra a haon ná bí ag snámh i d'aonar.
2. Is é fógra a ceathair ná teigh ag snámh ar feadh uair an chloig ar a laghad i ndiaidh bheith ag ithe.
3. Is é fógra a cúig ná bí ag luí ar thocht aeir.
4. Is é fógra a sé ná bí ag tumadh in áit nach bhfuil eolas agat uirthi.
5. Fan i ngar do dhaoine eile *(stay close to other people).*

## 95. An Comórtas Eoraifíse

Seachtain 24 · Lá 3

1. Bhí an chlann i dteach a gcomharsan.
2. Bhailigh gach duine ón eastát tithíochta le chéile chun féachaint ar an gComórtas Eoraifíse.
3. Bhí sailéid agus cistí deasa le hithe agus bhí beárbaiciú ar siúl sa ghairdín.
4. Phioc gach duine tír chun tacaíocht a thabhairt di.
5. Bhí Mamaí ar bís mar roghnaigh sí an Spáinn ag tús na hoíche.

## 96. Brú na Bóinne

Seachtain 24 · Lá 4

1. Tá Brú na Bóinne suite i gContae na Mí gar don Bhóinn.
2. Is carn mór é le pasáiste agus seomra adhlachta ann.
3. Tógadh é mar seomra adhlachta.
4. Tugann suas le dhá chéad míle duine cuairt ar Bhrú na Bóinne gach bliain.
5. Ar an 21ú Nollaig gach bliain tarlaíonn grianstad an gheimhridh.

## 97 Cuairt mo Chol Ceathrair (2)

Seachtain 25 · Lá 1

1. Bhí Laura agus Juliette ag dul go dtí an zú i mBaile Átha Cliath.
2. Lá breá brothallach a bhí ann.
3. Chonaic siad liopard sneachta, goraille agus mac tíre.
4. I dteach na bpéisteanna chonaic siad nathair nimhe agus crogall.
5. Chonaic siad na rónta ag pleidhcíocht agus bhí siad an-ghreannmhar.

## 98. Ag Fás

Seachtain 25 · Lá 2

Léigh agus foghlaim an dán.

## 99. Seachtain na Leabhar

Seachtain 25 · Lá 3

1. Seachtain na Leabhar a bhí ann.
2. Bhí rang a cúig sa leabharlann istigh sa bhaile mór.
3. Chaith siad fiche nóiméad ag léamh na leabhar nua nuair a tháinig siad ar ais.
4. Bhí a lán rudaí suimiúla ar siúl sa scoil i rith na seachtaine.
5. Ar an Aoine, tháinig údar Éireannach ar cuairt.

## 100. Díolacháin Cácaí

Seachtain 25 · Lá 4

1. Bhí rang a cúig i leabharlann na scoile.
2. Bhí siad ag tabhairt amach mar bhí na leabhair sa leabharlann róshean agus ní raibh siad ábalta iad a léamh.
3. Chroch na páistí fógraí timpeall na scoile.
4. Bhí an díolacháin cácaí ar siúl ar an Aoine.
5. Tar éis coicíse bhí an leabharlann lán le leabhair nua.

## 101. Corn an Domhain

Seachtain 26 · Lá 1

1. Is breá le Ruairí agus Daidí sacar.
2. Téann siad chuig gach cluiche a imríonn foireann na hÉireann i Staidiam Aviva.
3. Beidh Corn an Domhain ar siúl sa Spáinn i mbliana.
4. Beidh foireann na hÉireann ag imirt cluichí in aghaidh na Gearmáine, na Cróite, na Sualainne agus na hAirgintíne.
5. Tá foireann mhaith agus traenálaí maith ag Éirinn i mbliana.

## 102. Cuairt ar na Seantuismitheoirí

Seachtain 26 · Lá 2

1. Bhí Mamaí agus Daidí ag dul chuig bainis agus bhí na páistí ag fanacht lena seantuismitheoirí.
2. Bhailigh Daideo na páistí ón scoil.
3. Lá breá grianmhar a bhí ann.
4. Bhí picnic acu ar an trá.
5. Chuaigh siad ag snámh sa linn snámha le Mamó Dé Sathairn.

## 103. Ar Thóir na n-Éan

Seachtain 26 · Lá 3

1. Maidin Dé Sathairn a bhí ann.
2. Bheartaigh an chlann dul ar shiúlóid le Sadie in aice na n-aillte.
3. Chuaigh Sadie ar tóir na n-éan.
4. Ghlaoigh Mamaí uirthi ach níor éist sí.
5. Rith na páistí níos tapúla ná Daidí timpeall an choir.

## 104. Timpeall an Domhain

Seachtain 26 · Lá 4

1. Tá 71% den domhan clúdaithe le huisce.
2. Tá seacht mór-roinn ar domhan.
3. Tá 196 tír ar domhan.
4. Tá timpeall 6,500 teanga éagsúil ar domhan.
5. Tá níos mó ná seacht mbilliún duine ar domhan.

## 105. Ceacht Gaeilge

Seachtain 27 · Lá 1

1. Dúirt an múinteoir, "Cuir ceist ar do chara. Cad a d'ith tú don bhricfeasta inniu?"
2. Tá ceapaire sicín, úll agus iógart i mbosca lóin Ciara.
3. Tá ceapaire sicín, banana, sú oráiste agus iógart i mbosca lóin Conor.
4. Is é sicín rósta le prátaí agus glasraí an bia is fearr le Ciara.
5. Is é pónairí le tósta an bia is fearr le Conor.

## 106. Rialacha na Scoile

Seachtain 27 · Lá 2

1. An Luan a bhí ann.
2. Bhí sé a leathuair tar éis a naoi.
3. Bhí Bradley i dtrioblóid.
4. Bhí 'Rialacha na Scoile' ar an mbileog.
5. Tá/níl rialacha i mo scoil.

## 107. Imríonn Larry Leadóg

Seachtain 27 · Lá 3

1. Imríonn Larry leadóg gach Satharn ar a deich a chlog.
2. Bíonn a chara Ellie ag an gcúirt gach Satharn freisin.
3. Seirbheálann Larry ar dtús.
4. Caitheann sé an liathróid suas san aer agus buaileann sé í thar an líon leadóige.
5. Buaileann Ellie an liathróid ar ais chuige, arís thar an líon leadóige.

## 108. Cúchulainn

Seachtain 27 · Lá 4

1. Setanta ab ainm don bhuachaill.
2. Bhí a uncail ag dul chuig féasta i ndún Chulainn.
3. Bhí Setanta ag imirt iománaíochta lena chairde.
4. Chonaic sé cú fiachmhar ós comhair an dúin nuair a shroich sé an féasta.
5. Bhuail Setanta an sliotar agus chuaigh sé siar i scornach an chú agus mharaigh sé an chú.

## 109. An Ghaeltacht

Seachtain 28 · Lá 1

1. Bhí rang a cúig ag dul chuig an nGaeltacht ar feadh seachtaine.
2. Nuair a shroich siad an scoil i gConamara, bhuail siad leis na múinteoirí agus an príomhoide.
3. Bhí siad ag fanacht i dtithe le 'bean an tí' a bhí ag tabhairt aire dóibh don tseachtain.
4. Chuaigh na páistí chuig ranganna gach maidin agus chuaigh siad ar thurais gach tráthnóna.
5. Thaitin an t-am sa Ghaeltacht go mór leo.

## 110. Oileáin Árann

Seachtain 28 · Lá 2

1. Bhí turas eagaraithe go dtí Oileáin Árann.
2. Thóg sé uair an choig ar an mbád.
3. Labhair gach duine ar an oileán Gaeilge leo.
4. Thug na múinteoirí ar shiúlóid iad timpeall an oileáin.
5. Ag a cúig a chloig, chuaigh siad ar an mbád ar ais chuig an mórthír.

## 111. Cluichí Pobail

Seachtain 28 · Lá 3

1. Beidh Scoil San Treasa ag dul san iomaíocht sna Cluichí Pobail.
2. Beidh na hardranganna ag glacadh páirte sa léim fhada, sa chaitheamh meáchain agus sna cianrásaí.
3. Beidh na meánranganna ag glacadh páirte sna rásaí sealaíochta, sna rásaí ráibe agus sna cliathrásaí.
4. Déanann siad traenáil ag am lóin Dé Luain agus Dé Máirt agus i ndiaidh scoile Déardaoin agus Dé hAoine.
5. Bhuaigh said cúig bhonn óir agus trí bhonn airgid anuraidh.

## 11

## Na Cluichí Oilimpeacha

Seachtain 28 · Lá 4

1. Seasann na fáinní do na cúig phríomhréigiún sa dhomhan – an Afraic, an Áise, an Eoraip agus Críocha Mheiriceá.
2. Piocadh na dathanna mar go bhfuil ar a laghad dath amháin ó gach brat iontu sin.
3. Tá ceithre cineál Cluichí Oilimpeacha ann .
4. Bhí na chéad Chluichí Oilimpeacha Speisialta ann i 1968.
5. Cluichí Oilimpeacha an tsamhraidh, Cluichí Oilimpeacha Speisialta, Cluichí Para-Oilimpeacha agus Cluichí Oilimpeacha an gheimhridh.

## 113. Fógra do Choláiste sa Ghaeltacht

Seachtain 29 · Lá 1

1. Coláiste Chiaráin is ainm don choláiste.
2. Tá an coláiste i gConamara.
3. Bíonn an bricfeasta ann idir a hocht agus a naoi a chlog.
4. Imríonn na páistí peil, leadóg agus cispheil.
5. Bíonn céilí ar siúl i halla na scoile.

Seachtain 29 · Lá 2

## 114. Siúlóid sna Sléibhte

1. Bhí rang a cúig ag dul ar shiúlóid bheag sna sléibhte.
2. Lá breá brothallach a bhí ann nuair a d'fhág siad an scoil.
3. Shroich siad barr an tsléibhe ar a leathuair tar éis a dó dhéag.
4. Ar an mbealach abhaile thosaigh sé ag stealladh báistí.
5. Nuair a shroich siad an scoil bhí gach duine fliuch báite.

## 115. Ceolchoirm na Scoile

Seachtain 29 · Lá 3

1. Chuir Scoil Mhuire ceolchoirm ar siúl.
2. Thosaigh banna ceoil na scoile an cheolchoirm.
3. Chuir an príomhoide fáilte roimh an lucht féachana.
4. Chan na naíonáin cúpla amhrán agus bhí siad go hiontach.
5. Chuaigh rang a haon go dtí rang a sé suas ar an stáitse, agus rinne siad dráma, chan siad amhrán agus bhí siad ag damhsa fresin.

## 116. An Turas Scoile

Seachtain 29 · Lá 4

1. Chuaigh rang a cúig ar thuras scoile an tseachtain seo caite.
2. Chuaigh siad ar an mbus go dtí Fota i gCorcaigh.
3. Bhí ceamara ag an múinteoir.
4. Thaitin an phéacóg go mór le na cailíní.
5. Ar a haon a chlog chuaigh siad isteach sa bhialann.

## 117. Laethanta Saoire ón Scoil

Seachtain 30 · Lá 1

Léigh agus foghlaim an dán.

## 118. Cairde Nua

Seachtain 30 · Lá 2

1. Bhí an chlann ag campáil sa Fhrainc.
2. Bhuail Rossa agus Clár le cairde nua nuair a bhí siad ann.
3. Isabelle agus Franco ab ainm dóibh.
4. B'as an Iodáil iad.
5. Bhuail siad le chéile i ndiaidh an bhricfeasta gach lá.

## 119. Club na bPáistí

Seachtain 30 · Lá 3

1. Bhí Jack agus James ar laethanta saoire sa Phortaingéil.
2. Rinne siad drámaíocht, ealaín agus cluichí leadóige gach maidin.
3. Gach tráthnóna chuaigh siad go dtí an linn snámha.
4. Bhuaigh foireann Jack an comórtas eitpheile.
5. Bhuaigh foireann James na rásaí sealaíochta.

## 120. Scannán Taobh Amuigh

Seachtain 30 · Lá 4

1. Bhí Maud ar bís mar bhí sí ag dul chuig teach a máthair baistí, Anna.
2. Bhí ciseán picnice i lámh amháin ag Anna, agus mála sa lámh eile.
3. Shiúil siad go dtí páirc a bhí in aice an tí.
4. Thóg sí sailéad, cistí áille agus sú úll as an gciseán.
5. I ndiaidh an scannáin, shiúil siad ar ais go dtí teach Anna agus thug sí seacláid the do Maud roimh dhul a chodladh di.

Mater Dei Education

ISBN 978-1-83846-369-4
9 781838 463694